Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10525/23**

**CFSP/PESC 834**
**CSDP/PSDC 460**
**CIVCOM 162**
**EUMC 263**
**MOG 81**
**RELEX 713**
**JAI 836**
**EUBAM LIBYA 13**
**PSC DEC 21**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/.../2023) |

**CINNEADH (CBES) .../2023 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú**
**Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh**
**um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia**
**(EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/…/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia)[1], agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 138, 24.5.2013, lch. 15.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/233/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUBAM na Libia a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 14 Eanáir 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/59[1], lena gceaptar Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 18 Bealtaine 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/846[2], lena gcuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An … 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/…[3+], lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2024.

---

[1] Cinneadh ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CBES) 2021/59 an 14 Eanáir 2021 maidir le ceapadh Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2021) (IO L 26, 26.1.2021, lch. 3).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/846 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 18 Bealtaine 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2022) (IO L 148, 31.05.2022, lch. 38).

[3] Cinneadh (CBES) 2023/… ón gComhairle an … 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (IO ...).

[+] IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

(5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*

---